Imlitir 0042/2007

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Scoileanna Dara Leibhéal

Athruithe ar Riar na Marcanna don Bhéaltriail Ghaeilge sna Scrúduithe Teistiméireachta

Déanaim tagairt do na hathruithe suntasacha ar riar na marcanna atá le bronnadh ar an mbéaltriail Ghaeilge i scrúduithe an Teastais Shóisearaigh agus na hArdteistiméireachta le héifeacht ó 2010 agus 2012 faoi seach a d'fhógair an tAire Oideachais agus Eolaíochta le déanaí.

Méadófar na marcanna don bhéaltriail ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta ó 25% go dtí 40%. Laghdófar na marcanna don chluastuiscint go dtí 10% ag an Ardleibhéal agus ag an nGnáthleibhéal araon agus bronnfar 50% de mhóriomlán na marcanna ar na páipéir scríofa.

Ag an mBonnleibhéal i scrúdú na hArdteistiméireachta, méadófar na marcanna don bhéaltriail Ghaeilge ó 25% go dtí 40%. Laghdófar na marcanna don chluastuiscint ó 30% go dtí 20%, agus bronnfar 40% de na marcanna ar an bpáipéar scríofa.

Maidir leis an Ardteistiméireacht Fheidhmeach, méadófar na marcanna don bhéaltriail Ghaeilge ó 33% go dtí 40%. Laghdófar na marcanna don chluastuiscint ó 30% go dtí 25%, agus bronnfar 35% de na marcanna ar an bpáipéar scríofa. Sa chás go ndéanann scoláirí an bhéaltriail sa chéad bhliain dá gclár sa tsraith shinsearach dóibh, beidh feidhm leis na socruithe nua ar riar na marcanna le héifeacht ó 2011.

Beidh feidhm leis na hathruithe chomh maith sa Teastas Sóisearach mar a leanfaidh an bhéaltriail Ghaeilge mar scrúdú scoilbhunaithe roghnach. I gcás bhéaltriail an Teastais Shóisearaigh, déanfar na marcanna a dhúbailt ó 20% go dtí 40%. Laghdófar na marcanna don chluastuiscint go dtí 10% agus bronnfar 50% de na marcanna ar an bpáipéar/na páipéir scríofa. Sa chás nach reáchtáltar béaltriail ar bith, bronnfar na marcanna ar bhonn an pháipéir/na bpáipéar scríofa agus na cluastuisceana amháin.

Tá achoimre ar an méid sin le léamh sna Táblaí atá ceangailte.

Tiocfaidh an scéim mharcála nua i bhfeidhm do scoláirí a bheidh ag clárú sa chéad bhliain in oideachas dara leibhéal i mí Mheán Fómhair 2007 agus beidh feidhm leis dóibh siúd a dhéanfaidh scrúdú an Teastais Shóisearaigh ó 2010 amach, agus dóibh siúd a dhéanfaidh scrúdú na hArdteistiméireachta ó 2012 amach.

An aidhm atá leis an méadú ar na marcanna sa mheasúnú ar an mbéaltriail ná athrú béime suntasach i leith na Gaeilge mar theanga labhartha a chur chun cinn, a chuirfidh ar chumas na scoláirí cumarsáid agus caidreamh a dhéanamh astu féin agus faoina mbeidh an Ghaeilge á labhairt gach lá i scoileanna. Ceapadh an méadú ar na marcanna don bhéaltriail roghnach mar chuid de scrúdú an Teastais Shóisearaigh ó 20% go dtí 40% ó 2010 amach mar spreagadh do bhreis scoileanna an rogha seo a chur ar fáil. **Á chur san áireamh a thábhachtaí is atá cumas labhartha i bhfoghlaim teanga, tá na scoileanna ar fad á spreagadh chun leas a bhaint as an rogha seo sa Teastas Sóisearach. Tá na sonraí maidir leis na socruithe reatha don bhéaltriail roghnach sa Teastas Sóisearach le fáil in Imlitir S81/06 agus S82/06 ag www.examinations.ie**

Forbairt Ghairmiúil

Déanfar infheistíocht i gcláir um fhorbairt ghairmiúil agus i soláthar ábhar acmhainní mar thaca leis na hathruithe. Tá maoiniú breise curtha ar fáil don Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta ar mhaithe le hábhair a fhorbairt, agus cuirfear deiseanna feabhsaithe ar fáil do mhúinteoirí ar mhaithe le forbairt ghairmiúil faoin tseirbhís tacaíochta dara leibhéal don Ghaeilge a cuireadh ar bun le déanaí. Rachaidh An tSeirbhís Tacaíochta i dteagmháil dhíreach le scoileanna maidir le mionsonraí na socruithe seo.

Margaret Kelly
Príomhoifigeach
28 Bealtaine 2007

Imlitir 0042/2007 – Tábla 1

Athruithe ar Riar na Marcanna don Bhéaltriail Ghaeilge sna Scrúduithe Teistiméireachta

	Socruithe reatha			**Socruithe leasaithe**			
	Béal-triail	**Cluas-tuiscint**	**Scríofa**	**Béal-triail**	**Cluas-tuiscint**	**Scríofa**	Scrúdú don chéad uair
Teastas Sóisearach Béaltriail roghnach	20%	25%	55%	40%	10%	50%	2010
Ardteistiméireacht Gnáthleibhéal	25%	20%	55%	40%	10%	50%	2012
Ardteistiméireacht Ardleibhéal	25%	16.7%	58.3%	40%	10%	50%	2012
Ardteistiméireacht Bonnleibhéal	25%	30%	45%	40%	20%	40%	2012
Ardteistimeireacht Fheidhmeach	33%	30%	37%	40%	25%	35%	2011/2012

Circular Letter 0042/2007

To: Management Authorities of Second-Level Schools

Changes to the Proportion of Marks for Oral Irish in the Certificate Examinations

I refer to the recent announcement by the Minister for Education and Science concerning significant changes to the proportion of marks awarded for oral Irish in the Junior and Leaving Certificate examinations respectively with effect from 2010 and 2012 respectively.

The marks for the oral examination at Higher and Ordinary levels in the Leaving Certificate examination will be increased from 25% to 40%. Marks for the aural will be reduced to 10% at both Higher and Ordinary levels, and 50% of the overall marks will be awarded for the written papers.

At Foundation level in the Leaving Certificate examination, the marks for oral Irish will be increased from 25% to 40%. Marks for the aural will be reduced from 30% to 20%, and the written paper will attract 40% of the marks.

In the case of the Leaving Certificate Applied, the marks for oral Irish will be increased from 33% to 40%. Marks for the aural will be reduced from 30% to 25%, and 35% of the overall marks will be awarded for the written paper. Where students take the oral examination in the first year of their senior cycle programme, the changed marking arrangements will come into effect in 2011.

The changes will also apply to the Junior Certificate where the oral Irish examination will continue to be a school-based optional examination. In the case of the Junior Certificate oral, the marks will be doubled from 20% to 40%. Marks for the aural will be reduced to 10%, and 50% of the marks will be awarded for the written paper(s). Where no oral examination is held, marks are awarded on the basis of the written paper(s) and aural only.

The attached Table sets out the position in summary form

The new marking system will come into effect for students enrolling in first year in second-level education in September 2007 and will apply to those taking the Junior Certificate examination from 2010 onwards, and to those taking the Leaving Certificate examination from 2012 onwards.

The intention of the increase in marks for oral assessment is to promote a significant shift in emphasis towards Irish as a spoken language, where students can communicate and interact in a spontaneous way, and where Irish is spoken every day in schools. The increase in the marks for the optional oral component in the Junior Certificate from 20% to

40% from 2010 is intended to be an incentive for more schools to provide this option. **Given the critical importance of oral competence in language learning, all schools are encouraged to avail of this option in the Junior Certificate. Details of the current arrangements for the optional oral examination in the Junior Certificate are set out in Circulars S81/06 and S82/06 at www.examinations.ie**

In-career Professional Development

The changes will be supported by investment in professional development programmes and provision of resource materials. Increased funds have been provided to An Chomhairle Um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta for materials development, and enhanced professional development opportunities will be provided for teachers by the recently established support service for Irish at second level, *An tSeirbhís Tacaíochta Gaeilge Dara Leibhéal.* Schools will be contacted directly by the An tSeirbhís Tacaíochta regarding the detail of these arrangements.

Margaret Kelly
Principal Officer
28th May 2007

Circular Letter 0042/2007 – Table 1

Changes to the Proportion of Marks for Oral Irish in the Certificate Examinations

	Current arrangements				**Revised arrangements**			
	Oral	**Aural**	**Written**		**Oral**	**Aural**	**Written**	First examination
Junior Certificate Optional oral	20%	25%	55%		40%	10%	50%	2010
Leaving Certificate Ordinary Level	25%	20%	55%		40%	10%	50%	2012
Leaving Certificate Higher Level	25%	16.7%	58.3%		40%	10%	50%	2012
Leaving Certificate Foundation Level	25%	30%	45%		40%	20%	40%	2012
Leaving Certificate Applied	33%	30%	37%		40%	25%	35%	2011/2012